C/2026/3537

2.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3537)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Chasselas de Moissac’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0140-AM01 — 20.4.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Chasselas de Moissac’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl i gceist leis an iarratas ar leasú ar ATFC ‘Chasselas de Moissac’ le aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú ‘caighdeánach’ an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Grúpa iarrthach

Tuairisc

Leasaíodh foclaíocht na forála maidir le comhdhéanamh an ghrúpa chun na catagóirí éagsúla oibreoirí lena mbaineann a shoiléiriú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Sainiú an limistéir gheografaigh

Tuairisc

Ós rud é gur baineadh an nós imeachta um shainaithint dáileachta talún, scriosadh an mhír maidir le sainaithint dáileachta talún ón tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge

Tuairisc

Athraíodh an dáta chun an dearbhú maidir le sainaithint dáileachta talún a chur isteach ón 1 Feabhra go dtí an 30 Meitheamh.

A mhéid a bhaineann le liosta na ndáileachtaí talún, cuireadh an téarma ‘geallta’ in ionad an téarma ‘sainaitheanta’, i gcomhréir le sainaithint dáileachta talún a bhaint.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tuairisc ar an modh táirgthe

Tuairisc

Cuireadh isteach an toirmeasc ar shrianadh ceimiceach fiailí idir sraitheanna.

Leasaíodh an mhír maidir le táirgeacht:

— Scriosadh an mheántáirgeacht uasta iomlán le haghaidh an ghabháltais toisc go dtagraíonn sí do tháirgí nach gcumhdaítear leis an tsonraíocht táirge.

— Leasaíodh meántáirgeacht uasta an ainmniúcháin tionscnaimh chun idirdhealú a dhéanamh idir an luach táirgeachta de réir cé acu a threoraítear na fíniúnacha trí úsáid a bhaint as an gcóras treilíse aonair nó an córas treilíse dúbailte. Socraíodh meántáirgeacht uasta an ainmniúcháin tionscnaimh ag 15 t/ha le haghaidh fíniúnacha a threoraítear trí úsáid a bhaint as an gcóras treilíse aonair agus ag 18 t/ha le haghaidh fíniúnacha a threoraítear trí úsáid a bhaint as an gcóras treilíse dúbailte, seachas 13 t/ha a bhí ann ar dtús. Scriosadh an táirgeacht in aghaidh na fíniúna.

— Leasaíodh an uastáirgeacht iomlán in aghaidh na dáileachta talún freisin chun idirdhealú a dhéanamh idir an luach táirgeachta de réir cé acu a threoraítear na fíniúnacha trí úsáid a bhaint as an gcóras treilíse aonair nó an córas treilíse dúbailte. Socraíodh an uastáirgeacht iomlán in aghaidh na dáileachta talún ag 18 t/ha le haghaidh fíniúnacha a threoraítear trí úsáid a bhaint as an gcóras treilíse aonair agus ag 21 t/ha le haghaidh fíniúnacha a threoraítear trí úsáid a bhaint as an gcóras treilíse dúbailte, seachas 16 t/ha a bhí ann ar dtús.

Leasaíodh an mhír maidir le stóráil fhadtéarmach chun gur féidir na fíonchaora a choinneáil i gcóras cuisniúcháin atá feistithe le córas aerála chun a áirithiú nach dtriomaíonn na fíonchaora amach, gan dé-ocsaíd sulfair a úsáid.

Leasaíodh an chéim phacáistithe chun pacáistíocht tráidirí san fhíonghort a cheadú. Cuireadh ceanglas isteach freisin maidir le tráidirí atá pacáistithe san fhíonghort a thabhairt chuig ceardlanna maidir le ‘bearradh’ (ina mbaintear fíonchaora millte de na triopaill) chun an táirge a mheá agus chun a fhíorú go gcomhlíonann sé an tsonraíocht táirge.

Chun cáilíocht na mbulctháirgí a chaomhnú, cuireadh isteach an ceanglas tráidirí ar mó a meáchan ná 5 kg a fheistiú le roinnteoirí. Ní mór an t-ainm 'Chasselas de Moissac' a bheith ar na roinnteoirí sin agus ní mór dóibh a bheith in ann an bosca a roinnt ina thrí urrann ar a laghad.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairt don chomhlacht cigireachta

Tuairisc

Athraíodh seoladh na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta chun na focail 'sous-Bois' a bhaint.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Mionsonraí sonracha maidir le lipéadú

Tuairisc

Cuireadh an mhír chaighdeánach seo a leanas isteach:

'Anuas ar an bhfaisnéis shainordaitheach a éilítear faoi na rialacha maidir le lipéadú agus cur i láthair táirgí bia, bíonn ainm cláraithe an táirge agus lógó ATFC an Aontais Eorpaigh le feiceáil ar an lipéadú sa réimse amhairc céanna'.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais náisiúnta

Tuairisc

Leasaíodh tábla na bpríomhphointí atá le seiceáil chun na hathruithe ar an roinn dar teideal 'Tuairisc ar an modh táirgthe' a léiriú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Chasselas de Moissac'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-0140-AM01 — 20.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Chasselas de Moissac'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0806 10 – Úr

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Forchoimeádtar ATFC 'Chasselas de Moissac' le haghaidh fíonchaora boird úra nó fadsaoil a tháirgtear go heisiach ón gcineál Chasselas B agus a bhfuil na saintréithe seo a leanas iontu:

— tá an triopall solúbtha, aonchineálach ó thaobh dlúis de, agus dath órga air, le fad íosta 12 cm agus meáchan íosta 100 g. Níl na fíonchaora míchumtha, aibí go leor, ag lobhadh ná níl siad galrach. Caomhnaítear bláth na bhfíonchaor, bíonn na síolta inaitheanta in aghaidh an tsolais, agus bíonn borradh sa ghas;

— tá na fíonchaora go hiomlán sláintiúil;

— tá an méid siúcra cothrom le Brix 17,2 céim nó os a chionn. Tá an cóimheas idir siúcra agus aigéadacht os cionn 25.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar gach oibríocht a bhaineann le táirgeadh fíonchaor laistigh den limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar na fíonchaora a stóráil go fadtéarmach i gceardlanna maidir le 'bearradh' agus pacáistiú sa limistéar geografach ionas gur féidir iad a chur i bhfuarchuasán go han-tapa chun an táirge a chaomhnú agus chun nach rachaidh sé in olcas. Coinníoll fíor-riachtanach le haghaidh stóráil fhadtéarmach is ea an luas lena n-íslítear an teocht. Tá sé comhcheangailte le cosaint na bhfíonchaor trí úsáid a bhaint as dé-ocsaíd sulfair nó le córas cuisniúcháin atá feistithe le córas aerála chun a áirithiú nach dtriomaíonn na fíonchaora amach.

Is féidir 'Chasselas de Moissac' a phacáistiú i dtráidirí san fhíonghort; déantar cineálacha eile pacáistithe i gceardlanna maidir le 'bearradh', an tráth céanna a bhearrtar na triopaill agus a shórtáiltear an táirge, ar céimeanna ríthábhachtacha iad chun an táirge sainiúil a chumhdaítear leis an ainmniúchán a fháil. Dá bhrí sin, tá soilsiú spásanna oibre na gceardlann maidir le 'bearradh' agus pacáistiú 500 lucsa ar a laghad chun ligean don fhoireann oilte measúnú a dhéanamh ar cháilíocht fhíonchaora 'Chasselas de Moissac': dath na bhfíonchaor, an bláth a bheith ann, trédhearcacht an laín agus borradh na ngas.

Chun cáilíocht an táirge an-leochaileach seo a chaomhnú, déantar é a phacáistiú de láimh. Ina theannta sin, nuair is mó pacáiste ná 800 g, cuirtear na triopaill fíonchaor i láthair i sraith amháin i dtráidirí ina bhfuil 8 kg ar a mhéad. Mar sin féin, féadfar triopall amháin go trí thriopall a shocrú ar bharr na sraithe sin, ar choinníoll go gcuirtear ar pháipéar (síoda) iad. Tá tráidirí ina bhfuil níos mó ná 5 kg feistithe le roinnteoirí lenar féidir an bosca a roinnt ina thrí urrann ar a laghad.

Chomh maith leis sin, d'fhonn saintréithe an táirge a chaomhnú, déantar é a phacáistiú díreach tar éis na triopaill a bhearradh chun an méid láimhseála a theorannú.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Tá an méid seo a leanas ar an lipéadú ar phacáistí aonair:

— ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Chasselas de Moissac' atá scríofa i gcarachtair atá chomh mór ar a laghad leis na carachtair is mó;

— ainm an táirgeora;

— an córas sainaitheanta agus inrianaitheachta a bhaineann go sonrach le 'Chasselas de Moissac'.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá 76 bhardas i ranna Tarn-et-Garonne agus Lot sa limistéar geografach:

Roinn Lot (46): Bagat-en-Quercy, Belfort-du-Quercy, Castelnau-Montratier, Flaugnac, Fontanes, Lascabanes, Lebreil, Montcuq, Montdoumerc, Montlauzun, Saint-Cyprien, Saint-Daunès, Saint-Laurent-Lolmie, Saint-Pantaléon, Saint-Paul-de-Loubressac, Sainte-Alauzie, Sainte-Croix agus Valprionde.

Roinn Tarn-et-Garonne (82): cantúin Bourg-de-Visa, Lafrançaise, Lauzerte, Moissac, Molières agus Montpezat-de-Quercy agus bardais Belvèze, Castelsagrat, Caussade, Cayriech, Gasques, Corbarieu, Génébrières, Goudourville, Lamothe-Capdeville, Léojac, Mirabel, Montaigu-de-Quercy, Montauban, Montjoi, Réalville, Roquecor, Saint-Clair, Saint-Nauphary agus Saint-Vincent.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tosca nádúrtha

Laistigh de na trí aonad gheomoirfeolaíocha atá sa limistéar geografach, bunaíodh fíniúnacha 'Chasselas de Moissac' ar dháileachtaí talún ina bhfuil ithreacha measartha neamhthorthúil nach bhfuil eilimintí móra ná riandúile acu, atá sách domhain agus dea-dhraenáilte, agus a théann go héasca mar gheall ar a n-uigeacht atá lán le blúirí garbha nó mar gheall ar a nochtadh.

Is aeráid Atlantach í an aeráid, a bhfuil tionchair ilchríochacha agus Mheánmhara uirthi. Bíonn an geimhreadh measartha fuar.

Tagann ardú suntasach ar theochtaí san earrach, agus is saintréith den samhradh é neart tréimhsí gréine agus teochtaí arda. Bíonn an mheánbháisteach bhliantúil idir 600 mm agus 800 mm. Dáiltear go cothrom í i rith na bliana, ach amháin san earrach, nuair a shroicheann an bháisteach buaicphointe mór.

Is í gaoth aniar an ghnáthghaoth. Gaoth aigéanach atá ann agus feictear néalchruthaíocht agus báisteach nuair a shéideann siad. Beagáinín níos annaimhe, séideann an ghaoth the thirim 'Autan' ón oirdheisceart, thar thréimhsí gearra cúpla lá, san earrach agus san fhómhar.

Tosca daonna

Tagann na tosca nádúrtha sin le chéile le fios gnó láidir daonna maidir le treorú na bhfíniúnacha agus maidir le buaint agus ullmhú na bhfíonchaor araon, rud a thugann a úrnuacht don táirge seo. Táirgtear 'Chasselas de Moissac' go heisiach ón gcineál Chasselas B, a forbraíodh ó fhíniúnacha ó réigiún Moissac. Chuir teicneoirí ó Institiúid Náisiúnta na Fraince um Taighde Agranamaíoch tús le roghnú clónach in 1956

le cabhair ó tháirgeoirí 'Chasselas de Moissac'. Is ón obair sin a thagann na clóin a úsáidtear inniu. Caomhnaíodh fios gnó traidisiúnta d'ainneoin fhorbairt na meaisíní. Dá bhrí sin, tá go leor próiseas láimhe i gceist, rud atá cothrom le os cionn 600 uair an chloig in aghaidh an heicteáir agus a éilíonn lucht saothair oilte. Áirítear ar na céimeanna sin, san fhíonghort, na triopaill a shocrú tar éis dóibh a dhúnadh, arb é atá i gceist leis gach triopall a shaoradh ón duilliúr agus ón treilís, agus buaint a dhéanamh i gcéimeanna éagsúla; ansin, sa cheardlann, na triopaill a bhearradh, i.e. fíonchaora millte a bhaint de gach triopall.

Sainiúlacht an táirge

Tá triopall bog ag 'Chasselas de Moissac', atá aonchineálach ina dhlús agus dea-fhorbartha. Tá na fíonchaora órga, ar comhartha é sin d'aibíocht cheart, le méid ard siúcra os cionn Brix 17,2 céim agus cóimheas idir siúcra agus aigéadacht os cionn 25. Fíonchaora atá glas toisc nach bhfuil siad aibí go leor nó toisc go bhfuil dath an chopair orthu toisc go n-eisiatar ró-aibí. Baintear fíonchaora damáistithe.

Tá fíonchaora 'Chasselas de Moissac' thar a bheith sláintiúil agus caomhnaítear an bláth. Tá a n-úire le feiceáil freisin i mborradh na ngas.

Nasc cúisíoch

D'éirigh le saothróirí Quercy leas a bhaint as an meascán de dhálaí topagrafacha sonracha agus den aeráid atá faoi réir raon leathan tionchar agus d'éirigh leo ardán a thabhairt don mheascán sin.

Áirithítear le bogthaise an earraigh atá nasctha leis an aeráid mhuirí fás maith na bhfíniúnacha. Bíonn teas tirim agus solas na gréine ann le linn an tsamhraidh agus an fhómhair mar gheall ar thionchar na Meánmhara, rud a spreagann aibiú tráthrialta, optamach Chasselas, bíonn an strus maidir le huisce measartha sa samhradh lena n-áirithítear go n-aibíonn na fíonchaora go maith. Déanann gaoth 'Autan' difear d'iompar Chasselas ar feadh a thimthrialla fáis, mar shampla trí dhlús a chur le bachlú, bláthú agus aibiú. Séideann an ghaoth sin go crua uaireanta i ndeireadh an tsamhraidh, rud a chuireann aibiú na bhfíonchaor chun cinn agus a thriomaíonn na fíniúnacha tar éis stoirmeacha mhí Lúnasa. Cuireann sé sin teorainn le forbairt galar cripteagamach agus cuidíonn sé le táirge sláintiúil a fháil. Ciallaíonn tús déanach na haimsire fuaire go dtarlaíonn ligniú i gceart.

Cuireann dálaí aeráide agus ithreach dháileachtaí talún 'Chasselas de Moissac' fréamhú maith na bhfíniúnacha chun cinn agus áirithíonn siad go bhforbraíonn siad go maith agus go mbaineann na fíonchaora an aibíocht is fearr amach. Ina theannta sin, mar gheall ar an easpa nádúrtha comhdhúile móra agus riandúl sna hithreacha, tagann dath na bhfíonchaor chun cinn agus spreagtar sintéis siúcra agus foirmiú blátha.

Bhain saothróirí Chasselas leas as na dálaí nádúrtha sin atá fabhrach d'fhás an chineáil fíniúna áitiúil sin agus d'fhorbair siad le himeacht ama an bealach is fearr chun na fíniúnacha agus a n-acmhainneacht táirgthe a bhainistiú. Faightear triopaill sholúbtha ildaite trí na fíniúnacha a threorú agus trí rialacha diana prúnála a chur i bhfeidhm, rud a chuireann teorainn le meánlíon na bhfíniúnacha in aghaidh na dáileachta talún agus a ligeann don aer dul tríd an duilliúr agus na triopaill fíonchaor. Mar gheall ar shocrú na dtriopall de láimh, is féidir triopaill sholúbtha aonchineálacha shláintiúla a fháil agus cuireann sé freisin le dath agus le haibíocht chuí na bhfíonchaor.

Déantar an bhuaint de láimh i roinnt céimeanna. Cuireann fios gnó shaothróirí Chasselas ar a gcumas triopaill a bhuain a bhfuil an aibíocht is fearr bainte amach acu. Cumasaíonn na dálaí atá i bhfeidhm chun na triopaill a iompar caomhnú optamach shaintréithe an táirge, go háirithe bláth na bhfíonchaor. Áirithítear le bearradh láimhe go gcaomhnaítear stádas sláinte an táirge trí fhíonchaora millte a bhaint agus gur féidir na triopaill a shórtáil de réir datha, dlúis agus solúbthachta. Ráthaítear úire na dtriopall agus, go háirithe, borradh an ghais trí na fíonchaora a láimhseáil de láimh agus na triopaill a ullmhú a luaithe a bhearrtar iad.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-1f4e18ac-2930-4d4c-8e87-0751905ea0fc